

Tá Dún na nGall ar bís fá dtaobh de Sheachtain na Bithéagsúlachta!

16 - 25 Bealtaine 2025

Tá go leor siúlóidí agus cainteanna ag tarlú chun seans a thabhairt duit taithí a fháil ar an dúlra agus níos mó a fhoghlaim faoi bithéagsúlacht i do cheantar féin.



Tá Oifig Bhithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, trí Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Dhún na nGall a fhorbairt, ag eagrú roinnt imeachtaí i nDún na nGall le tacaíocht ón Chomhairle Oidhreachta, trí mhaoiniú ó chlár Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta an Chontae agus ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra fríd an Chiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla. Le tuilleadh sonraí a fháil téigh chuig www.donegalculture.ie nó seol ríomhphost chuig biodiversity@donegalcoco.ie

Speicis ionracha de chuid na Daoile

DÁTA: Dé Domhnaigh 11 Bealtaine

AM: 10am – 1pm

SUÍOMH: Teacht le chéile ag Ionad Fiontair Chonmhaí, Conmhaigh

CAD: Mar chuid de sheachtain na Speiceas Ionrach, tá an tsíúlóid sin faoi stiúir Frog CIC i gcomhpháirtíocht le Slatiascairí Phobal na Daoile. Tar ar shíúlóid threoraithe feadh na Daoile chun iniúchadh a dhéanamh ar na speicis ionracha atá i láthair agus tuiscint a fháil ar na tionchair dhiana éiceachórais atá ag na speicis sin ar bhithéagsúlacht ár gconaire abhann.

Cad atá fiáin feadh na Daoile?

DÁTA: Dé hAoine 16 Bealtaine

AM: 5:30pm – 8pm

SUÍOMH: Teacht le chéile ag Ionad Fiontair Chonmhaí, Conmhaigh

CAD: Á reáchtáil ag Frog CIC i gcomhpháirtíocht le Slatiascairí Phobal na Daoile, tar ar shíúlóid threoraithe feadh na Daoile chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhithéagsúlacht dhúchasach atá ag maireachtáil anseo. Beidh teaghlaigh ina saineolaithe, ag foghlaim cén dóigh le fiadhúlra a aithint agus a thaifeadh ar an bhealach trí chuardach a dhéanamh le haghaidh 5 cinn - 5 speiceas de chrainn dhúchasacha, 5 speiceas d'éin agus 5 chineál feithide a aithint!

ÁIRITHINT: Tá sé riachtanach áirithint a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig frogeducator@gmail.com

Le Chéile don Dúlra -

Féile Bhithéagsúlachta ag Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha

DÁTA: 16 – 25 Bealtaine

AM: Éagsúil – féach clár

SUÍOMH: Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha

CAD: Is í seo an chéad Fhéile Bhithéagsúlachta sa Pháirc, ar a dtugtar Le Chéile don Dúlra. I measc na mbuaicphointí tá siúlóidí Cheiliúr na Camhaoire, Picnic sa Pháirc, Caint faoi na Gairdíní & faoi Bhithéagsúlacht & Turas treoraithe ar Theachín an Gharraíodóra, Ceardlann Ealaíne maidir le Flóra Coillearnaí agus go leor eile. Faigheann an fhéile sin tacaíocht ó Oifigí Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, ón Chomhairle Oidhreachta agus ón SPSF fríd an Chiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla.

ÁIRITHINT: Chun clár iomlán agus tuilleadh sonraí a fháil, téigh chuig www.nationalparks.ie/glenveagh/

Bí i do Thaiscéalaí Bithéagsúlachta ag Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha

DÁTA: Dé Sathairn 17 Bealtaine

AM: 12 – 3pm

SUÍOMH: Ollphuball nua amuigh faoin aer in PNGB

CAD: Mar chuid den Fhéile Bhithéagsúlachta sa Pháirc, bí i do shaineolaí agus téigh le hOifigeach Bithéagsúlachta CCDnG chun foghlaim faoi fhéileacáin agus faoi bheacha agus iad a aithint. Tabharfaidh gach teaghlach roinnt treoracha éasca maidir le beacha abhaile mar aon lena gcuid trealamh tosaithe féin maidir le lusanna na gréine!

ÁIRITHINT: Níl aon áirithint ag teastáil, imeacht buail isteach.

Fiosraigh do Chladach ag Trá an Mhachaire,

An Clochán Liath

DÁTA: Dé Domhnaigh 18 Bealtaine

AM: 11am – 1pm

SUÍOMH: Teacht le chéile ag Ionad an Mhachaire, An Machaire

CAD: Téigh le bitheolaithe mara ó The Sea Collective chun 'Fiosraigh do Chladach' agus cuidigh le 'Suirbhé Mór Bithéagsúlachta Trá' a dhéanamh. Tugann an ócáid sin deis duit do chuid eolais a fhorbairt faoi bhithéagsúlacht mhuirí dhochreidte na hÉireann agus foghlaim fán dóigh le cur le taifid eolaíochta.

ÁIRITHINT: Áirithint riachtanach trí nasc Eventbrite anseo:

<https://shorturl.at/gnEil>



Flúirse de Shaol na Mara i gCuan Dhún na nGall

ÁTA: Dé Luain 19 Bealtaine

AM: 12.30 – 1:30pm

SUÍOMH: Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin

CAD: Bígí le Michael Bell i Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin le haghaidh taispeántas sleamhnán iontach faoin raidhse de shaol na farraige i gCuan Dhún na nGall. Tá an chaint sin mar chuid bhródúil d'Fhéile Bhealtaine Dhún na nGall, ceiliúradh ar fud na tíre ar chruthaitheacht agus ar phobal atá spreagtha ag eispéiris agus ag an mhéid atá déanta ag daoine breacaosta.

ÁIRITHINT: Áirithint riachtanach trí ríomhphost a sheoladh chuig bealtaine@donegalllibrary.ie

Siúlóid Safari Sciathán Leathair ag Páirc Bhaile Chnoc na Beairice, Carn Domhnach

DÁTA: Dé Céadaoin 21 Bealtaine

AM: 8.30pm

SUÍOMH: Ionad Pháirc Bhaile Chnoc na Beairice.

CAD: Lean Caomhnú Sciathán Leathair Éireann agus téigh ar shíúlóid sciathán leathair faoi sholas na gealaí fríd an pháirc, le trealamh speisialta braite sciathán leathair. Sula dtosóidh muid ar an tsíúlóid, beidh cur i láthair ann agus cuirfear roinnt ceisteanna ar na rannpháirtithe laistigh ag an ionad pobail.

ÁIRITHINT: karenh@batconservationireland.org

Seoladh leabhair 'Éin Dhún na nGall'

DÁTA: Déardaoin 22 Bealtaine

AM: 4pm

SUÍOMH: Ollphuball ag Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha

CAD: Seoladh oifigiúil an leabhair Éin Dhún na nGall arna scríobh ag Ralph Sheppard, arna mhaisiú ag Robert Vaughn agus arna fhoilsiú ag Cork University Press. Is é Éin Chontae Dhún na nGall an chéad chuntas iomlán ar stair agus ar stádas na 376 éan ar fad a mhair i gContae Dhún na nGall, a ngnáthóga, agus gníomhaíochtaí na n-éaneolaithe agus na n-éanadóirí a dhéanann staidéar orthu. Le haoi speisialta Eric Dempsey.

ÁIRITHINT: Uimhreacha teoranta agus ceisteanna chuig glenveaghbookings@npws.gov.ie



Ceardlann ar Aitheantas Pailneoirí

DÁTA: Dé Sathairn 24 Bealtaine

AM: 11am – 2pm

SUÍOMH: Tae agus Caint @ Leabharlann Phobail Bhun Cranncha agus ina dhiaidh sin siúlóid aitheantais Beach i bPáirc na nEalaí, Bun Cranncha.

CAD: Réamhrá ar ID Pailneora agus eolaíocht saoránaigh. Tá an cheardlann Taifeadta Bithéagsúlachta sin mar chuid den tionscadal 'Bithéagsúlacht Dhún na nGall a Chur Chun Cinn' arna mhaoiniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus SNPF, fríd an Chiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla, le tacaíocht fríd Chlár Oifigeach Bithéagsúlachta na Comhairle Oidhreachta.

ÁIRITHINT: Áirithint riachtanach fríd nasc Eventbrite anseo: <https://shorturl.at/WQYOP>



Nature Walk and Talk @ Ards Friary

DÁTA: Dé Domhnaigh 25 Bealtaine

AM: 11am – 1pm

SUÍOMH: Mainistir na hArdáí, An Craoslach

CAD: Bí ag siúl agus ag caint le Nádúr an Iarthuaiscirt agus iad ag bogadh fríd cuid de na gnáthóga iontacha ag Mainistir na hArdáí.

ÁIRITHINT: Áirithint riachtanach trí nasc Eventbrite anseo:

<https://shorturl.at/KOuM2>



Tá go leor imeachtaí bithéagsúlachta eile i nDún na nGall fosta – féach orthu ag www.biodiversityweek.ie

